

Tuarascáil Bhlíantúil 2012

Achoimre
Feidhmiúcháin (GA)

Achoimre Feidhmiúcháin

Achoimre Feidhmiúcháin

Léiríonn 2012 an dara bliain d'obair ÚÁPGE mar Údarás Eorpach Maoirseachta. I gcaitheamh na bliana seo, lean ÚÁPGE lena chuid oibre sa seacht bpríomhréimse dá chuid: tascanna rialála; tascanna maoirseachta; nuálaíocht airgeadais agus cosaint tomhaltóirí; an cultúr comónta maoirseachta a chruthú; cobhsaíocht airgeadais; cosc, bainistíocht agus réiteach géarchéime; caidreamh eachtrach.



Tascanna rialála

Leanadh ar aghaidh le Sócmhainneacht II mar an príomhthionscadal árachais le seachadadh ag ÚÁPGE le linn 2012. Cé go raibh 2012 suntasach mar gheall ar na hidirbheartaíochtaí leanúnacha idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar Threoir Omnibus II, bhí ÚÁPGE gníomhach i ndáil leis na forálacha rialála a fhorbairt chun tacú le réimeas Sócmhainneacht II, mar aon le tacaíocht a sholáthar do na maoirseoirí agus árachóirí náisiúnta ag ullmhú don chreat nua.

Mar thoradh ar an moill i leith Treoir Omnibus II a chur i gcrích, ar 20 Nollaig 2012 d'fhoilsigh ÚÁPGE Tuairim, ag cur comhairle ar údarais náisiúnta mhaoirseachta (NSAnna) céimeanna a ghlacadh de láimh d'fhonn gnéithe tábhachtacha ar leith de chuid Sócmhainneacht II a ullmhú.

I réimse na bpinsean gairme, díríodh obair ÚÁPGE i 2012 go príomha ar Chomhairle ÚÁPGE ar an athbhreithniú den Treoir IORP a chur i gcrích. Cuireadh an Chomhairle faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh ar 15 Feabhra 2012. Leag Comhairle ÚÁPGE béim ar thábhacht an Staidéir Tionchair Chainníochtúil (QIS), a cuireadh i gcrích idir 16 Deireadh Fómhair 2012 agus 17 Nollaig 2012.

Tascanna maoirseachta

I 2012, lean ÚÁPGE ag rannchuidiú leis an iarracht domhanda feabhas a chur ar cháilíocht chreat maoirseachta an LEE, agus an cháilíocht i ndáil le Coláiste na Maoirseoirí ach go háirithe. I gcaitheamh na bliana, chuaigh ÚÁPGE i dteagmháil leis na 91 Coláiste atá gníomhach i láthair na huaire san Eoraip, agus d'éirigh leis dea-chleachtais a chur i láthair i 75 cinn de Choláistí na Maoirseoirí. Mar thoradh ar na malartuithe seo bhí díospóireachtaí beoga ar rioscaí maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha agus sholáthair an tÚdarás achoimrí ar Thuarascálacha Cobhsaíochta Airgeadais ÚÁPGE, agus Painéal Riosca ÚÁPGE. Sholáthair an tÚdarás aiseolas do 17 Maoirseoir Grúpa ar conas mar a bhí a gcuid Coláistí ag feidhmiú.

Agus é mar aidhm ailíniú a dhéanamh ar na cleachtais maoirseachta le réimeas Sócmhainneacht II, ghlac ÚÁPGE páirt in imeachtaí Ceisteanna & Freagraí ar Threoirlínte bunaithe agus Moltaí agus Caighdeáin, agus bailíodh ceisteanna agus dea-chleachtais ó chruinnithe sna Coláistí, go háirithe i ndáil leis an Múnla Inmheánach.

Cosaint Tomhaltóirí agus nuálaíocht airgeadais

Tá cosaint tomhaltóirí i gcoilár 'DNA' ÚAPGE agus, dá bhrí sin, feictear í dá réir sin mar mhórtosaíocht le haghaidh ÚAPGE i réimse an árachais agus na bpinsean gairme. Bhí an chéad sraith de Threoirlínte arna eisiúint ag ÚAPGE dírithe go speisialta ar an réimse um chosaint tomhaltóirí. Ar bhonn níos sainiúla, i Samhain 2012, d'éisigh ÚAPGE Treoirlínte ag déileáil le láimhseáil gearán na ngnóthas árachais. Cruthaíonn na Treoirlínte seo cleachtais maoirseachta comhsheasmhacha, éifeachtúla agus éifeachtacha agus cintíonn siad cur i bhfeidhm comónta, aonfhoirmeach agus comhsheasmhach dlí an AE.

Lena chois sin, chomhlíon ÚAPGE iliomad staidéar agus chuir sé tuarascálacha i dtoll a chéile ar ábhair ábhartha éagsúla. Tá scríofa ag ÚAPGE chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún d'fhonn a chuid imní a léiriú i ndáil leis an easpa forálacha cumasaithe le haghaidh ÚAPGE chun toirmisc sealadacha a eisiúint i ndáil le táirgí/seirbhísí.

Ar 4 Nollaig 2012 reáchtáil ÚAPGE a dhara Lá Straitéise Tomhaltóirí in Frankfurt, ar a d'fhreastail thart ar 200 rannpháirtí.

Comhchultúr maoirseachta a chruthú

Le linn 2012, lean ÚAPGE le cultúr comónta maoirseachta a fhorbairt san Aontas Eorpach, trí mheán oiliúna teicniúil le béim láidir ar scileanna agus cur chuig comónta maoirseachta a fhorbairt.

Tá na hábhair a gclúdaítear sna himeachtaí oiliúna i gcomhréir le hobair ÚAPGE, áit ina bhfuil Sócmhainneacht II ar cheann de na príomhthiománaithe, á leanúint ina dhiaidh sin ag Cobhsaíocht Airgeadais, Pinsin Ghairme, Cosaint Tomhaltóirí agus Coinbhéirseacht na gcleachtas maoirseachta.

Cobhsaíocht airgeadais

Lean obair chobhsaíochta airgeadais ÚAPGE i 2012 ag díriú ar luath-aithint treochtaí díobhálacha, rioscaí ionchais agus leochaileachtaí do na hearnálacha árachais agus pinsean gairme ag eascairt as forbairtí micreacnamaíocha agus maicreacnamaíocha.

I dteannta leis an bhfaireachas ar dhálaí margaidh, chuir ÚAPGE measúnuithe rialta cobhsaíochta airgeadais i gcrích i bhfoirm Painéil Riosca ráithiúla agus Tuarascálacha Cobhsaíochta Airgeadais leathbhliantúla ÚAPGE. Le linn 2012, scrúdaigh ÚAPGE roinnt saincheisteanna cobhsaíochta airgeadais ar leith freisin lena n-áirítear suntasacht an árachais sa scáthbhaincéireacht, gníomhaíochtaí babhtála leachtachta árachóirí, agus teicnící malartacha um aistriú riosca san árachas.

Cosc, bainistíocht agus réiteach géarchéime

Go luath i 2012, d'aontaigh Bord Maoirseoirí (BoS) ÚAPGE ar 'chur chuige comhchoiteann' chun déileáil leis an ngéarchéim airgeadais. Le fírinne is éard a bhí i gceist leis seo ná gur ghlac ÚAPGE le cur chuige comhtháite le leanúint ag Comhaltaí ÚAPGE sa chás go mbeadh tionchar na géarchéime á mheas sna réimsí seo a leanas: monatóireacht ar neamhchosaintí na hearnála árachais i ndáil le rioscaí flaithiúnais agus bainc; forbairtí leachtachta agus sreafa airgid san earnáil árachais; idirnascaid idir na hearnálacha árachais agus bainc, mar shampla trí mheán babhtála leachtachta agus gníomhaíochta athcheannaigh; agus pleananna teagmhasacha árachóirí chun déileáil le hathruithe suntasacha i luachanna sócmhainní airgeadais.

I nDeireadh Fómhair 2012, sheol an Coimisiún Eorpach comhairliúchán ar chreat féideartha téarnaimh agus réitigh a fhorbairt d'institiúidí airgeadais seachas bainc. Cuireadh freagairt mhionsonraithe ÚAPGE faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i Nollaig 2012.

Caidreamh eachtrach

I 2012, neartaigh ÚAPGE roinnt caidreamh eiseach agus thionscain sé go leor comhlé agus teagmhálacha rialála agus maoirseachta nua ÚAPGE; san iomlán reáchtáladh suas le 40 cruinniú lena n-áirítear turas ardleibhéal chuig an tSín agus an tSeapáin do Chathaoirleach ÚAPGE. Thosaigh tionscadal ar leith leis na SA ag méadú na comhthuisceana ar réimis (ath) árachais ar cheachtar taobh den Atlantach agus ag feabhsú comhair d'fhonn deiseanna gnó, cosaint tomhaltóirí agus maoirseacht éifeachtach a chur chun cinn. Mar thoradh na hoibre úd foilsíodh Tuarascálacha Choiste Teicniúil an Tionscadail Chomhphlé AE-SA agus doiciméad an Bealach Chun Cinn [*the Way Forward document*] ag mionsonrú na cuspóirí agus tionscnaimh choiteanna le tabhairt fúthu i gcaitheamh na 5 bliana le teacht. Bhí an tÚdarás gafa go gníomhach freisin leis an obair i ndáil le cáilíochtaí idirnáisiúnta a bhunú, go háirithe leis an gComhlachas Idirnáisiúnta Maoirseoirí Árachais (IAIS), agus chuir sé iarratas faoi bhráid ar bhallraíocht rialachais na hEagraíochta Idirnáisiúnta Maoirseoirí Pinsean (IOPS). Cuireadh idirbheartaíochtaí i gcrích i ndáil le Meabhrán Comhthuisceana (MoU) leis an mBanc Domhanda i réimsí árachais, pinsean agus cosaint tomhaltóirí. Síníodh Comhaontú Comhair le Gníomhaireacht Mhaoirseachta Seirbhísí Airgeadais na Cróite (CFSSA) chun stádas breathnóra a bhronnadh uirthi ag BoS ÚAPGE. Lena chois sin, dréachtaíodh na hanailísí bearna mar bhonn le hidirthréimhsí coibhéise le haghaidh suas le hocht réimeas tríú tíre.

Forbairtí eagraíochtúla

I gcaitheamh na bliana 2012, tháinig 35 comhghleacaí nua isteach in ÚÁPGE agus, dá réir sin, faoi dheireadh na bliana, bhí 91 comhalta foirne ag an Údarás, lena n-áirítear saineolaithe náisiúnta ar iasacht. Clúdaíonn foireann éagsúil ÚÁPGE 23 náisiúntacht an AE. Tá 55% den fhoireann baineann agus tá 45% fireann.

I 2012, is iondúil go ndearnadh an obair TF trí mheán infreastruchtúr slán agus iontaofa a chur i bhfeidhm, uirlisí breise a chomhtháthú a éascaíonn obair na n-oifigeach ÚÁPGE mar aon le soláthar na seirbhísí cáilíochta a fhreastalaíonn ar riachtanais iarbhír an ghnó. Rinneadh iarrachtaí suntasacha i ndáil le forbairt agus cur chun feidhme an phríomhardáin TF a éilíonn ÚÁPGE dá chuid seirbhísí agus oibríochtaí TF.

Chun a chinntiú go bhfuil feidhmeanna gnó ríthábhachtacha ar fáil do chustaiméirí, do sholáthraithe, agus d'aonáin eile nach mór go mbeadh rochtain acu ar na feidhmeanna sin, chuir ÚÁPGE tús le tionscadal leanúnachais ghnó i 2012. Is é cuspóir gnó an tionscadail seo ná leanúnachas na seirbhísí a chinntiú i gcás briseadh seirbhíse “gnó mar is gnáth”.

